Gaelscoil Philib Barún 2010

Polasaí Caomhnú Páistí

Is mian le hudaráis Ghaelscoil Philib Barún go mbeidh an scoil ina thimpeallacht shabháilte do na daltaí agus don fhoireann. Tá sé mar chuspóir againn aire den chaighdeán is arde a sholáthar do na daltaí chun a leas a chinntiú agus iad a chosaint ó dhochar. Tá foireann na scoile suite go maith le faire go cúramach ar leanaí le hathruithe in iompar, teipeanna ar fhorbairt nó comharthaí drochíde a shonrú.

Toisc an dualgas don chúram phríomhúil seo ar Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Philib Barún tacaíonn sé go hiomlán le "Children First", na treoirlínte sainithe do chosaint agus chun sochair leanaí mar atá eisithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, Meán Fómhair 1999, agus "Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí" ón Roinn Oideachais is Eolaíochta, Aibreáin 2001.

Ainmníonn an Bord Daithi de Paor mar Duine Caidrimh Ainmnithe (DAC) a dheanfaidh idirghabháil le áisíneachtaí seachtracha mar an Fheidhmeannacht Sláinte agus mar teagmhail acmhainne d'aon bhall foirne le buairteanna cosaint leanaí.

In éagmais Daithí de Paor feidhmneoidh Caitríona Ní Chuirrín mar Leas Duine Caidrimh Ainmnithe (LDAC).

Dheimhneoidh an Bord go gcuirfí pé oiliúint gur ghá ar fáil don DAC agus don LDAC

Tacaíonn an Bord go hiomlán le socruithe maidir le fiosrúchain faoi fhoireann teagaisc agus foireann neamhtheagaisc mar atá sonraithe i gCiorclán 0094/2006, Meitheamh 2006, don Roinn Oideachais is Eolaíochta.

Ag aithint go bhfuil sábháltacht agus leas na leanaí ag freastal ar an scoil mar phríoracht, geallann an Bord go gcuirfí Cosant Leanaí agus Cúrsaí Sábháltachta agus Sláinte ar chlár gach cruinniú boird as seo amach.

Déanfaidh an Bord deimhin go bhfuil foireann na scoile, teagaisc is neamhtheagaisc, ar eolas faoina ndualgaisí faoi na treoirlínte sonraithe i "Children First" agus an chur chuige le leanúint nuair atá buairt ann.

Aithníonn an Bord go bhfuil dhá dualgas cúraime air. An dualgas príomha ná cosaint sábháltacht agus leas na leanaí ag freastal ar Ghaelscoil Philib Barún. Tá dualgaisí breise ar an mBord mar fhostóir dá fhostaithe.

Mar fhostóir lorgóidh an Bord comhairle dlí i gcás go bhfuil líamhaint déanta i leith aon fhostaí scoile.

13/10/2010

Gaelscoil Philib Barún 2010

Cloífidh an Bord go dtí na nósanna imeachta mar atá sonraithe i gCaibidil 4. “ Liamhaintí nó Amhrais faoi Mhíúsáid Leanaí ag Baill Fhoirne, i “Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí” ón Roinn Oideachais is Eolaíochta, Aibreáin 2001, le aon bheartas a cheadú le leanaí faoina chúram a chosaint.
Glacann an Bord gur féidir baill foirne a bheith luaite i líomhna bréagacha.
Ba chóir go gcaithfí go leochailleach le aon líomhain faoi mhíúsáid.

Ba choir go gcaithfí go cothrom le fostaí, ná ndéanfaí breith a thabhairt gan fiosrú cuimsitheach cóir. Glacann an Bord go leanfaí prionsabail an cheartais aiceanta agus nósanna imeachta córa.

Creideann an Boird go gcuirtear go mór le saol acadúl, pearsanta agus sóisialta an pháiste nuair a chothaítear cultúr deachaidrimh ina aithnítear luach daoine, ina léirítear meas agus ina dtugtar tacaíocht chaoi dóibh siúd i sáinn.

Tá an Bord meáite timpeallacht a chothú ina bhfuil paistí slán, ina ghríostar paistí len iad fhéin a chur in iúl agus go dtugtar éisteacht dóibh. Cuirtear gach páiste ar eolas go bhfuil daoine sa scoil gur féidir leo dul chucu le le buarthaí. Ar mhullach ar sin tabharfar deiseanna do daltaí sa churaclam na scileanna le hiad féin a choimeád slán a fhorbairt.

Cuirfidh an Bord an polasaí seo ar fáil do thuistí agus do chaomhnóirí ag am chláruithe agus go rialta as sin amach. Beidh an polasaí seo agus an ‘Children First’ le fáil in Oifig na scoile.

Baineann an Polasaí seo le gach daoine a oibríonn sa scoil.

Beidh an polasaí seo le athbhreithniú ag tús gach bliain acadúil as seo amach.

Sínithe

_____

Seán Breathnach, Cathaoirleach an Bhoird

_____

Daithi de Paor, Duine Caidrimh Ainmnithe (DAC)

_____

Caitríona Ní Chuirrín, LeasDuine Caidrimh Ainmnithe (LDAC)

13/10/2010